

Mary Murphy - Spéir na hOíche

©Mary Murphy

(ón leabhar *Only a Tree* (Mary Murphy) foilsithe ag Otter Barry Books)



Bí ag Smaoineamh/Bí ag plé

Céard a fheiceann tú sa phictiúr seo?
An maith leat na dathanna? Cén fáth?
Ar mhaith leat dul ag taisteal sa spás?

An maith leat an oíche?
Céard a fheiceann tú san oíche?
Céard a chloiseann tú?

Samhlaigh gur réalta nó pláinéad tú. Céard a fheiceann tú thart timpeall ort?

Cé mhéad pláinéad atá i gcóras na gréine?
An féidir leat na pláinéid éagsúla a ainmniú?

Cé na hainmhithe agus na héin a bhíonn amuigh san oíche?
An bhfaca tú madra rua nó ulchabhán amuigh san oíche riamh?
Céard a dhéanann na hainmhithe agus na héin oíche?
Céard a fheiceann siad?
Céard a chloiseann siad?
Céard a itheann siad?

Bí ag Léamh

Léigh an dán seo

Mise an tUlchabhán

*Mise an t-ulchabhán
I ndorchadas na hoíche cloisim
na réaltaí ag sárú a chéile lena ngile*

*Mise an t-ulchabhán
I ndorchadas na hoíche cloisim
An ghrian ag srannadh taobh thiar den chnoc*

*Mise an t-ulchabhán
I ndorchadas na hoíche cloisim
Madra ag casadh suantraí dá choileán*

*Mise an t-ulchabhán
I ndorchadas na hoíche cloisim
Mo dhá sciathán ag scoilteadh an dorchadais*

Áine Ní Ghlinn (*Brionglóidí & Aistir Eile*) Cló Mhaigh Eo

Bí ag Scríobh

Samhlaigh gur réalta nó madra rua nó sciathán leathair tú (nó rud ar bith a bhaineann leis an oíche nó leis an spéir.)

Céard a chloiseann tú?
Céard a fheiceann tú?
Céard a dhéanann tú?

Scríobh 3 líne ag tosú le
San oíche cloisim ...

Scríobh 3 líne ag tosú le
San oíche feicim ...

Scríobh 3 líne ag tosú le
San oíche ...

Scríobh dán nó scéal bunaithe
ar na smaointe atá agat

Cruthaigh do phictiúr féin le
cur leis an dán/scéal

Sampla:

*Mise an madra rua
San oíche cloisim ainmhithe eile ag srannadh
San oíche cloisim an ghaoth ag canadh suantraí
San oíche téim amach ag siúl go ciúin sa dorchadas
San oíche bíim ag lorg bia do mo pháistí
Uaireanta goidim cearc nó sicín
Ansin fillim abhaile go dtí mo phluaisín féin
Bíonn dinnéar blasta againn roimh dhul a luí*